




OLLSCOIL NA GAILLIMHÉ  
UNIVERSITY OF GALWAY

# Ár mbranda nua *a fhorbairt*





## Fáilte chuig *an todhchaí.*

Táimid thar a bheith bródúil as a bhfuil bainte amach againn le chéile mar institiúid. Táimid ag breathnú chun cinn anois, agus dá bhrí sin tá athbhrandáil déanta againn le hainm nua agus cuma agus mothú uathúil a dhéanfaidh féiniúlacht na hOllscoile a athbheochan chun léiriú níos fearr a thabhairt ar ár n-indibhidiúlacht, ár láidreachtaí agus ár n-uaillmhianta. Déanfar é seo trínár bhféinaitheantas branda, úsáid íomhánna, pailéad dathanna, teanga, teachtaireachtaí agus luachanna. Deis atá ann don Ollscoil í féin a chur i láthair ar stáitse domhanda agus muid soiléir agus muiníneach faoi cé muid féin agus cá bhfuil ár láidreachtaí.

Mar bhall luachmhar dár bpobal, tá an treoirleabhar gairid seo curtha le chéile againn chun féiniúlacht nua Ollscoil na Gaillimhe a chur ar do shúile duit agus chun do chumarsáid amach anseo a spreagadh. Níor cheart féachaint air mar lámhleabhar maidir le dearadh, ach mar áis amhairc chun cruthaitheacht a spreagadh agus chun comhsheasmhacht agus soiléireacht a chinntiú inár n-aschur branda go léir.

Bain úsáid as na príomhthreoirlínte branda le haghaidh soiléiriú breise.

## Fís an Bhranda

Is ollscoil dhomhanda muid, tiomanta do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne den scoth, ag obair i saoráidí den chéad scoth, i mbun oideachas agus taighde ceannródaíoch. Beimid inár dtiománaí bunathraithe dár ndaoine, dár réigiún agus dár ndomhan, ag baint leas as ár láidreachtaí sainiúla agus fuinneamh cruthaitheach chun tionchar sochaíoch suntasach, inbhuanaithe a imirt.

Tá ár gcultúr bunaithe ar na luachanna meas, oscailteacht, inbhuanaitheacht agus barr feabhais.

## Ár Luachanna

### Meas

Léireoidh ár ngníomhaíochtaí ár dtiomantas caitheamh go measúil lenár bpobail éagsúla.

- **Cultúr ómóis**
- **Sláinte agus folláine**
- **Comhionannas agus éagsúlacht**

### Inbhuanaitheacht

Léireoidh ár ngníomhartha ár dtiomantas chun an t-aistriú go todhchaí inbhuanaithe a threorú.

- **Athruithe dearfacha a chur chun feidhme ar an gcampas**
- **Ceannaireacht ar athruithe dearfacha lasmuigh den ollscoil**

### Oscailteacht

Léireoidh ár ngníomhaíochtaí an tiomantas atá againn don inrochtaineacht, don chuimsiú agus don rannpháirtíocht oscailte leis an domhan.

- **Rochtain agus cuimsiú**
- **Comhoibriú**
- **Comhpháirtíochtaí**

### Barr Feabhais

Léireofar inár ngníomhartha ár dtiomantas tacú le barr feabhais i mísean na hollscoile.

- **Daoine**
- **Teagasc agus taighde**
- **Tionchar agus cáil**

## Scéal & Seasamh an Bhranda

Suite i gceann de na láithreacha is cáiliúla ar domhan, is ollscoil Éireannach den scoth muid a bhfuil tiomantas láidir againn do gach mac léinn, faoi thiomáint ag pobal oscailte agus bríomhar smaointeoirí cruthaitheacha agus ceannairí smaointe, atá ceangailte go léir ag spiorad comhroinnte leas sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil.

Seo í...

# An áit a mbainfidh tú *barr* do mhaitheasa amach.

## Croí an Bhranda

Is iad na téamaí seo ár bpríomhthréithe agus an chaoi ar mhaith linn go n-aithneofaí muid. Forbraíodh iad mar chuid den phróiseas athbhrandála, trínár gcomhairliúchán inmheánach agus seachtrach, agus tógann siad orthu siúd atá luaite i **Straitéis na hOllscoile – Fís Roinnte, Múnlaíthe ag Luachanna 2020-25**.

### Suíomh

Tá áit ar leith againn anseo agus táimid fite fuaite san áit seo – caithfidh é sin a úsáid chun ár leasa agus an chathair agus an réigiún a thaispeáint mar cheann de na háiteanna is fearr ar domhan le staidéar agus oibriú inti. Táimid bríomhar, cruthaitheach agus cáil orainn as bheith fáilteach agus cairdiúil, tá meas againn ar an spiorad pobail atá go láidir san Ollscoil. Tírdhreach álainn mórthimpeall orainn ar imeall na hEorpa, tá ár suíomh ar cheann de na láidreachtaí is mó atá againn agus táimid fite fuaite go smior inti.

### Creideamh sa Todhchaí

Is ollscoil í seo atá chun tosaigh ar fud an domhain san Inbhuanaitheacht, Díl, Teicneolaíocht Leighis agus réimsí eile agus tá tionchar againn ar an domhan a bhfuilimid bródúil as ach nach mbíimid ag déanamh dóthain gaisce as. Is é ár meon dúshlánach an príomhspreagadh a bhrúimid ar aghaidh go leanúnach chun dul chun cinn a bhaint amach agus gníomh a spreagadh. Tá ár spriocanna uailmhianach agus táimid réidh i gcónaí na céimeanna deacra a ghlacadh chun dul chun cinn a dhéanamh.

### Féiniúlacht Éireannach

Níl eagla orainn tabhairt faoi rudaí ar bhealaí éagsúla. Ag léiriú oidhreacht ealaíonta agus chruthaitheach na Gaillimhe, tugaimid dúshlán don nósmaireacht, ag nascadh láidreachtaí éagsúla chun réitigh chruthaitheacha a chruthú. Tugaimid cuireadh do gach duine a bheith mar chuid dár bpobal bríomhar agus éagsúil, smaoiniamh taobh amuigh de pharaiméadair nádúrtha agus tabhairt faoi dhúshlán leis an misneach go seasfaidh daoine eile leat.

### Mac Léinn-lárnach

Táimid fáilteach agus oscailte do chách, le tiomantas gan stad dár gcuid mac léinn as gach cúlra chun tosaíocht a thabhairt dá n-oidreachas agus dá leas. Déanann an fhoireann a míle dícheall tacú lenár mic léinn. Creidimid gur cheart oideachas a bheith ar fáil do gach duine agus déanaimid ár ndícheall rannpháirtíocht a leathnú sna hábhair go léir, comhoibriú lenár mic léinn chun modhanna teagaisc a chur chun cinn agus a gcuid bealaí rathúlachta amach anseo a leagan amach.

## Ár bhFéiniúlacht Bhranda



OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

Tugann ár bhféiniúlacht nua gnéithe traidisiúnta agus nua-aimseartha le chéile, ag cur ár n-oidhreacht shaibhir san áireamh agus ag ardú ár spriocanna don todhchaí. Tá suaitheantas an bhranda nua deartha go pointeáilte chun Cearnóg na hOllscoile a chur san áireamh ó dhearcadh oscailte fáilteach, ag léiriú ár gcroiluachanna.

Anuas ar an suaitheantas tá focalmharc saindeartha pointeáilte atá lárnach dár bhféiniúlacht bhranda. Tá úsáid cló-éadan láidir serif mar bhonn agus mar thaca le fiúntas caighdeán agus sármhaitheasa na hOllscoile, agus trí mhionsonraí comhaimseartha a chur leis, ar nós na línte

barra trasna chun tosaigh, breathnaíonn an lógó nua-aimseartha agus léiríonn sé ár bhfís fhorásach.

Tríd an leagan Gaeilge agus Béarla a úsáid sa lógó, táimid ag baint leas as ár láidreacht is mó – ár stádas dátheangach agus ár suíomh uathúil, rud a léiríonn gur áit iontach é le maireachtáil, le hoibriú agus le staidéar agus insíonn sé faoinár n-oidhreacht, ár bhféiniúlacht agus ár dtimpeallacht álainn. Le tabhairt faoi deara, in aon mhargaíocht nó cumarsáid agus tú ag tagairt d'ainm na hOllscoile, bain úsáid as Ollscoil na Gaillimhe sa leagan Gaeilge agus University of Galway sa leagan Béarla.

## Ár mbranda a fhorbairt chun ár dtodhchaí a leagan amach.

Tá ár dteanga amhairc iomlán bunaithe ar struchtúr bloic, a chuireann ar ár gcumas cumarsáid bhranda atá thar a bheith comhsheasmhach agus cruthaitheach a chruthú. Ceadáíonn an córas seo do na gnéithe iolracha a chiallaíonn go bhfuil Ollscoil na Gaillimhe uathúil. Más í an ailtireacht ornáideach, an suíomh iontach, áiseanna den scoth nó ár bpobal mac léinn nua-aimseartha, éagsúil is cúis leis, ligeann an córas seo dúinn an chuid is fearr díobh i ndáiríre a thaispeáint.



## Príomhphailéad Dathanna

Tá seilbh glactha againn ar dhath marún na Gaillimhe atá ceangailte go dlúth le cé muid féin agus cá as ar thángamar. Tá an marún níos gile anois chun breathnú níos nua-aimseartha agus níos muiníní rud a léiríonn uaimhianta na hOllscoile. Luíonn Dath Dorcha Marún go maith le Marún na Gaillimhe, cuireann sé leis an bpailéad dathanna, ag bunú oidhreachta an bhranda.

Tá maigeanta in úsáid mar dhath comhlántach, chun beocht agus fuinneamh a chur leis an dearadh – ag léiriú ár bhfís maidir le dul chun cinn, nuálaíocht luathaithe agus smaoinreamh chun cinn.

Marún na Gaillimhe	Marún Dorcha na Gaillimhe	Maigeanta
HEX #a80050	HEX #84003d	HEX #e6007e
CMYK 0 100 20 35	CMYK 0 100 20 55	CMYK 0 100 0 0
PANTONE 220 C	PANTONE 222 C	PANTONE 213 C

## Pailéad Dathanna Tánaisteacha

Luíonn ár bpailéad dathanna tánaisteacha go maith lenár bpríomhphailéad dathanna, trí raon dathanna nua a chur leis is féidir a úsáid i gcumarsáid a úsáideann dath comhlántach. Mar shampla, léaráidí, cairteacha, táblaí, sonraí anailíseacha, comharthaíocht, agus nascleanúint i mbróisiúir mhóra.

Féach na treoirínte iomlána branda chun luachanna an phailéid dathanna tánaisteacha a fheiceáil.



## Clóghrafaíocht

Is gléas tábhachtach grafach í an chlóghrafaíocht, agus úsáidtear í chun príomhtheachtaireachtaí a chur i láthair agus chun ton na cumarsáide a shocrú.

Ach an oiread le gach eilimint laistigh dár gcóras branda, rinneadh roghanna clóghrafaíochta a mheas go cúramach. Roghnaíodh gach cló le haghaidh feidhm agus úsáid ar leith.

## Cló-éadan Ceannlíne | Spectral

# Blais den tsaoirse *amach romhat.*

Is cló-éadan serif nua-aimseartha é Spectral. Roghnaíodh é mar chló-éadan ceannlíne mar gheall go bhfuil sé traidisiúnta ach seasann sé amach agus tá sé soiléir chomh maith. Is féidir le Spectral, atá thar a bheith éagsúil, an ton a shocrú le haghaidh teachtaireachtaí ardtionchair, agus a bheith snasta, oiriúnach agus inléite i gcónaí.

### Cló Tánaisteach | Inter

Deartha chun oibriú i bhformáidí digiteacha agus priontála araon, tá Inter inrochtana i gcónaí. Luíonn an cló glan nua-aimseartha seo go maith le Spectral.

Éadrom  
abcdefghijklmnopqrstuvwxy  
ABCDEFGHIJKLMNOPQRSTUVWXYZ  
0123456789.,(/?!@£&

Gnáth  
abcdefghijklmnopqrstuvwxy  
ABCDEFGHIJKLMNOPQRSTUVWXYZ  
0123456789.,(/?!@£&

Meán  
abcdefghijklmnopqrstuvwxy  
ABCDEFGHIJKLMNOPQRSTUVWXYZ  
0123456789.,(/?!@£&

Trom  
abcdefghijklmnopqrstuvwxy  
ABCDEFGHIJKLMNOPQRSTUVWXYZ  
0123456789.,(/?!@£&

**Inter**  
abcdefghijklmnop  
pqrstuvwxyz AB  
CDEFGHIJKLMN  
OPQRSTUVWXYZ  
0123456789.,  
(/?!@£&

# Grianghrafadóireacht

Tá an ghrianghrafadóireacht ar cheann dár sócmhainní branda is mó tionchair. Tá grianghraif ardchaighdeáin ríthábhachtach chun barántúlacht a chruthú inár gcumarsáid.

Is féidir grianghraf a thógáil ó leabharlann íomhánna Ollscoil na Gaillimhe, ó ghrianghraf coimisiúnaithe nó ó láithreán gréasáin ardchaighdeáin stoc-íomhánna.

Ba cheart go mbeadh an ghrianghrafadóireacht barántúil i gcónaí agus níor chóir go mbeadh sí bréagach riamh.

Nuair is féidir, bain úsáid as íomhánna le ton réalaíoch faisnéiseach, a léiríonn cuimhneacháin agus eispéiris ón bhfórsaol. Ba chóir go gcuimseodh agus go léireodh an ghrianghrafadóireacht:

**Saol na hOllscoile**

**Acadúlacht, Teagasc agus Foghlaim**

**Taighde**

**Nuálaíocht**

**Comhshaol agus Áiseanna**

**Suíomh**



**Daoine**





# Amharcléiriú









OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

Áit chairdis, chultúir agus chruthaitheachta.

OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

Blais den tsaoirse amach romhat.

Convention  
Challengers.

OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY

An spás chun d'acmhainn féin a fhorbairt.





OLLSCOIL NA GAILLIMHE  
UNIVERSITY OF GALWAY